

Cad é Bus Gasta?

Tá Bus Gasta (BRT) tagtha chun cinn le blianta beaga anuas mar chóras éifeachtach, ardchaighdeán iompar poiblí atá éifeachtach ó thaobh costas de. Cuireann Bus Gasta turais thapa, iontaofa, intuatha, chompordacha ar fáil i bhfeithicilí ardchaighdeán nua-aimseartha. Tá sé d'aithm ag Bus Gasta aithris a dhéanamh ar an tseirbhís iompair a chuireann córas iarnróid éadroim ar fáil agus ar a cháiliocht feidhmíochta, agus ar a shaintréithe taitneamhachta ach ar chostas i bhfad níos ísle.

Tá ról lárnach ag Bus Gasta i bhforbairt córais iompair phoiblí chomhtháite do Bhaile Átha Cliath mar gheall ar a chostas, a sholúbthacht agus toisc a éifeachtúlaitheas atá sé. Tá sé ar a chumas níos mó daoine a iompar ar na conairí gnóthacha bus atá ann faoi láthair agus bíonn amanna meara iontaofa taistil aige sa chaoi go gcuireann sé rogha tarraingteach ar fáil do dhaoine seachas dul ag taisteal i ngluaisteáin.

- Feithicilí nua-aimseartha, slachtmhara ar a bhfuil cúpla doras
- Úsáideann siad a lána BRT féin nó lána bus/BRT roinnte
- Tugtar tús áite d'fheithicilí BRT ag comharthaí tráchta
- Stadanna breátha agus bordáil cothrom ag dul ar bord agus ag teacht anuas de na feithicilí
- Ticéadú seachtrach (ticéid a cheannaítear roimh ré nó cártaí Leap)
- Stadanna atá lonnaithe go háisiúil le spásáil bharrmhaith



Swiftway Bus Rapid Transit

Is **Swiftway** an t-ainm a bheidh ar an tseirbhís BRT i mBaile Átha Cliath. Is iad seo a leanas na trí chonair atáthar i gceist a fhorbairt mar bhealaí Swiftway:

- **Sord/Aerfort go Lár na Cathrach**
- **Baile Bhlainséir go COBÁC**
- **Cluain Ghrifín go dtí Tamhlacht**

Baineann an modh iompair phoiblí chomhtháite seo ar ardchaighdeán leas as busanna ar bhóithre nó ar lánáí tiomanta chun paisinéirí a iompar go tapa agus go héifeachtúil chuig a gceann scríbe, agus tairgtear ag an am céanna an tsolúbthacht agus an inoiriúnaitheacht chun freastal ar éilimh iompair ag athrú amach anseo.

Cuireann Swiftway go leor buntáistí ar fáil ar chonairí oiriúnacha i gcomparáid le réitigh iompair eile - lena n-áirítear na buntáistí tábhachtacha gur féidir é a choimisiúnú sách tapa, go bhfuil sé éifeachtach ó thaobh costas de é a chur ar siúl agus nach gcuirtear isteach chomh mór ar chúrsaí nuair a bhítear á thógáil i gcomparáid le tógáil iarnróid éadroim nó iarnróid faoi thalamh.

Tá córais Bhus Ghasta ag éirí níos tábhachtaí mar chuid de chórais iompair chathracha ar fud an domhain - Tá os cionn 166 scéim Bus Gasta i bhfeidhm cheana féin agus tá na céadta eile a bhforbairt. Céim mhór chun feabhais é sin maidir le hiompar bus - cuirtear sheirbhís ardchaighdeán den scoth ar fáil ar chostas i bhfad níos ísle ná córais iarnróid.

Tá sé ar chumas Bus Gasta níos mó daoine a iompar ar na conairí gnóthacha bus atá ann faoi láthair. Bíonn amanna meara iontaofa taistil aige sa chaoi go gcuireann sé rogha tarraingteach ar fáil do dhaoine seachas dul ag taisteal i ngluaisteáin agus beidh sé mar chuid lárnach de chóras iompair phoiblí fhoriomlán i gcomhair Bhaile Átha Cliath.


Líonra Lárnach Bhaile Átha Cliath

Aithníodh na bealaí molta a thaispeántar thíos mar líonra lárnach Swiftway:


➤ Sord/Aerfort → Lár na Cathrach



➤ Baile Bhlainséir → COBÁC



➤ Cluain Ghrifín → dtí Tamhlacht



Príomh-shaintréithe



➤ Feithicil

- Beidh dearadh ardchaighdeán, nua-aimseartha, tarraingteach, compordach
- Inrochtana go hiomlán ag daoine maolghluaise, ag cathaoiríreacha rothai agus ag pramanna
- Feithicilí altach amháin a bheidh 18m ar fad, a mbeidh doirse iolracha uirthi a éascóidh bordáil agus tuirlingt go tapa agus a chuirfidh le hiontaofacht.
- Acmhainn 120 duine a iompar in aghaidh na feithicilí



➤ Comhtháthú

- Forbairt gréasán bealaí agus seirbhísí
- Idirghalartú agus naisc le n-áirítear eile ag príomhphointí
- Rochtain agus imeacht shábháilte ag coisithe agus rothaithe ar na stadanna
- Áiseanna rothaithe ar fáil ag stadanna
- Ticéadú Comhtháite



➤ Stadanna

- Beidh dearadh ardchaighdeán ag baint leo agus beidh conláistí mar atá ag stadanna Luas ar fáil iontu go léir
- Beidh dul ar bord na bhfeithicilí agus tuirlingt uathu cothrom le hardáin na stadanna
- Beidh na stadanna suite in áiteanna áisiúla le freastal sa chaoi is fearr ar na ceantair mórthimpeall agus le cur le hiontaofacht na seirbhíse
- Beidh ticéid ar díol ag meaisíní díola ag na stadanna agus beidh sé riachtanach iad sin nó cártaí Leap a bhailiú
- Faisnéis Fíor-Ama do Phaisinéirí



➤ Brandáil/Tarraingteacht

- Branda sainiúil dá chuid féin chun idirghalartú a dhéanamh ó na seirbhísí traidisiúnta bus
- Libré tarraingteach ag na feithicilí ag teacht leis an mbranda aitheantais
- Úsáid chomhordaithe bhanda Bus Gasta ag na stadanna agus ar ábhar faisnéise
- Is é cuspóir na brandála láithreach láidir phoiblí fheiceálach don Bhus Gasta a chur chun cinn



➤ Leithscaradh & Tosaíocht

- Dromchla ardchaighdeán, réidh, cothrom
- Scartha amach go maith ó ghnáth-thrácht
- Lánaí Bus Gasta nó lánáí roinnte
- Bus agus Bus Gasta in úsáid
- Tosaíocht ag comharthaí tráchta agus ag aconhail



➤ Costas

- Cosnaíonn sé idir an ceathrú agus an tríú cuid den chostas a bhaineann le córas iarnróid éadrom chun córas Bus Gasta a thógáil
- Is minic a thógann sé níos lú ama córas Bus Gasta a thógáil seachas córas iarnróid éadrom rud a chiallaíonn gur féidir na buntáistí a sholáthar níos luaithe
- Is iondúil go mbíonn costais níos ísle i gceist maidir le costais talún agus réadmhaíne toisc go bhfeidhmíonn córas Bus Gasta den chuid is mó ar an ngréasán bóithre atá ann cheana féin
- Ní gá athlonnú mór a dhéanamh ar fhóntais ná rianta a thógáil



Foghlaim tuilleadh faoi

Swiftway

Comhairliúchán Poiblí

Cuireann an tÚdarás Náisiúnta Iompair Fáilte roimh do thuairimí maidir leis na moltaí faoi Bus Gasta Swiftway do Bhaile Átha Cliath. Beidh faisnéis ar taispeáint maidir le Swiftway, lena n-áirítear léarscáileanna na mbealaí atá molta, ó **17 Feabhra, 2014 go dtí 14 Márta, 2014** ag:

- **Oifigí Cathartha Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Cé an Adhmaid, Baile Átha Cliath 8**
- **Oifigí Cathartha Chomhairle Contae Fhine Gall, Halla an Chontae, An tSráid Mhór, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath**
- **Oifigí Cathartha Chomhairle Contae Fhine Gall, Bóthar an Gharráin, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15**
- **Halla an Chontae Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24**
- **Foirgneamh na Príomhbhialainne COBÁC, Campas Belfield, Baile Átha Cliath 4**
- **Ionad Cathartha an Taoibh Thuaidh, Bóthar Bhun Raite, An Chúlóg, Baile Átha Cliath 17**

Is féidir aighneachtaí a sheoladh tríd an gcuid “Comhairliúchán Poiblí” ar láithreán gréasáin an Údarais Náisiúnta Iompair www.nationaltransport.ie, nó tríd an bpost chuig Comhairliúchán Bus Gasta, An tÚdarás Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2 roimh **5 i.n. ar an Máirt 18 Márta, 2014**.

www.swiftway.ie

info@swiftway.ie

